ÁISEANNA COISITHE DO DHAOINE LAGAMHAIRC

Tá an foilseachán seo ar fáil ach é a iarraidh i gcló mór, Braille agus i gclosfhormáidí eile. Déan teagmháil linn a luaithe agus is féidir, le do thoil, má tá a leithéid de dhíth ort trí scairt a chur ar 028 90 540633 nó trí úsáid a bhaint as ár n-uimhir téacsfóin 028 90 540022.

Aithnímid go mbíonn deacrachtaí ag daoine lagamhairc agus iad ag siúl ó áit go háit. Déanann an bhileog seo cur síos ar an chineál beart a chuirimid ar fáil le cuidiú le daoine a mbíonn deacrachtaí acu.

Pábháil Thadhlach

Bíonn cruth ar leith ar dhromchlaí pábhála tadhlaí, rud a ligeann don siúlóir iad a mhothú faoi chois. Bainimid úsáid as pábháil thadhlach den chuid is mó le tabhairt le fios cá háit a bhfuil trasrianta coisithe ach is féidir í a úsáid fosta ag barr agus ag bun staighre nó san áit a ritheann rotharbhealach le taobh cosáin.

Baintear úsáid as cineálacha éagsúla próifílí dromchla i gcásanna éagsúla. Míníonn an bhileog seo na difríochtaí sin.

Trasrianta – Baintear úsáid as pábháil thadhlach le tabhairt le fios cá háit a bhfuil trasrian coisithe ar fáil.

Beidh an cosán agus an bóthar ar an leibhéal céanna ag gach trasrian úr le cuidiú le lucht úsáidte cathaoireacha rotha. Mura bhfuil colbha ann, bíonn sé deacair do dhaoine lagamhairc fios a bheith acu cá háit a gcríochnaíonn an cosán agus cá háit a dtosnaíonn an bóthar. Tugann an phábháil thadhlach rabhadh dóibh go mb'fhéidir go bhfuil siad ar tí siúl isteach ar an bhóthar.

Tá rónna clog ardaithe, cosúil le liathróidí, ar an phábháil thadhlach atá in úsáid ag trasrianta coisithe; tá siad leagtha amach i líne le taispeáint don té atá ag siúl an treo ceart le dul trasna an bhóthair. Tá an phábháil thadhlach daite le seasamh amach ó dhromchla an chosáin máguaird. Tá an dath ag brath ar an chineál trasriain atá ann.

Bíonn pábháil **dhearg** in úsáid ag: trasrianta síogacha, trasrianta peileacánacha, trasrianta puifíneacha, trasrianta túcánacha agus acomhail bhóithre atá faoi rialú soilse tráchta. Má bhíonn duine ag siúl ag an trasrian síogach nó ag na soilse tráchta, cuirfidh sé/sí stop leis an trácht.

Bíonn an dath **fionndonn nó donn éadrom** (nó aon dáth seachas dearg a sheasann amach ón dromchla máguaird) le feiceáil ar phábháil ag trasrianta eile i gcás nach bhfuil rud ar bith eile ann le smacht a choinneáil ar shruth tráchta agus le hé a stopadh. Bíonn na trasrianta sin ag acomhail de ghnáth agus féadfaidh na gnéithe seo a leanas a bheith mar pháirt díobh: colbhaí íslithe, pábháil thadhlach, oileáin sráide, síntí starracha cosán agus gnéithe laghdaithe luais ar nós dronna sa bhóthar.

Bíonn 2 nó 3 rolla de phábháil thadhlach ann de ghnáth, cóngarach d'imeall colbha na dtrasrianta coisithe, agus bíonn leithead na pábhála tadhlaí cothrom le fad an cholbha íslithe. Seans go mbeidh lorga ann fosta a shíneann a fhad le cúl an chosáin. Déanann an lorga sin cruth 'L' de phábháil thadhlach agus tá sé curtha ar fáil le daoine a threorú chuig na brúchnaipí rialtáin nó chuig pol síogach an trasriain.

Staighre – Bíonn pábháil thadhlach in úsáid fosta le tabhairt le fios cá háit a bhfuil bun agus barr staighre. Tá barraí cruinne, comhthreomhara, cosúil le corda aige seo a ritheann fad na tíle. Leagtar na tíleanna síos ionas go ritheann na barraí trasna threo taistil na gcoisithe.

Cosáin agus rotharbhealaigh roinnte – Bíonn pábháil thadhlach in úsáid fosta le tabhairt le fios cá háit a roinneann coisithe agus rothaithe cosán, scartha ag líne bhán nó ag líne bhán ardaithe le taobhanna fánánacha. Cé go bhfuil an phábháil thadhlach seo cosúil leis an phábháil chorda a úsáidtear ag staighre, tá barraí maola aici a ritheann fad na tíle.

Tá an phábháil thadhlach comhthreomhar le treo an taistil ag tús agus ag deireadh chuid an rotharbhealaigh agus trasna threo an taistil ag tús agus deireadh chuid na gcoisithe. I gcás go bhfuil fad measartha i gceist sa bhealach roinnte, ba chóir go mbeadh pábháil thadhlach ann anseo is ansiúd le tabhairt le fios do choisithe lagamhairc go bhfuil siad ar an taobh cheart den bhealach.

Gléasanna ag Trasrianta

Tá comharthaí inchloiste 'bípeála' agus tadhlacha, ar nós cóin rothlacha, ábalta ligean do dhaoine lagamhairc trasrianta, faoi rialú soilse tráchta, a úsáid ar bhealach neamhspleách. Tugann na gléasanna sin le fios cén uair a bhíonn 'fear glas' nó 'tá sé sábháilte trasnú' á thaispeáint.

Déanann comharthaí inchloiste fuaim bípeála ar bhonn leanúnach nuair a bhíonn sé sábháilte trasnú. Le sábháilteacht na gcoisithe a chinntiú ní chuirtear ar fáil iad ach ag trasrianta i bhfad ó thrasrianta eile nó ag acomhail ag a mbíonn an trácht i ngach treo stoptha ag an am céanna.

Bíonn comharthaí tadhlacha nó ‘cóin rothlacha' le fáil ar an taobh thíos de bhosca rialaithe an bhrúchnaipe agus rothlaíonn siad nuair a bhíonn sé sábháilte trasnú.

Má bhíonn ceist ar bith agat faoi phábháil thadhlach, déan teagmháil le d'oifig áitiúil ag ceann amháin de na hoifigí seo a leanas.

I gcás limistéar comhairle Chúil Raithin, Léim an Mhadaidh agus na Maoile, déan teagmháil le:

Rannóg an Tuaiscirt ag
Halla an Chontae
Bóthar Charraig Ceasail
Cúil Raithin
BT51 3HS
Nó cuir scairt ar 028 7034 1300

I gcás limistéar comhairle Aontroma, an Bhaile Mheánaigh, Bhaile Monaidh agus Latharna, déan teagmháil le:

Rannóg an Tuaiscirt ag
Halla an Chontae
182 Bóthar Galgorm
An Baile Meánach
BT42 1QG
Nó cuir scairt ar 028 2565 3333

I gcás limistéar comhairle cathrach Dhoire, déan teagmháil le:

Oifig Tráchta Dhoire ag
1 Bóthar an Chorráin
Doire
BT47 2NQ
Nó cuir scairt ar 028 7132 1600

I gcás limistéar comhairle na Coirre Críochaí, Dhún Geanainn, Fhear Meánach, Mhachaire Fíolta, na hÓmaí agus an tSratha Báin, déan teagmháil le:

Rannóg an Iarthair ag
Halla an Chontae
Ascaill Drumragh
An Ómaigh
BT79 7AF

Nó cuir scairt ar 028 8225 4111

I gcás limistéar comhairle Bhaile Nua na hArda, an Dúin agus an Iúir agus Mhúrn, déan teagmháil le:

Rannóg an Deiscirt ag
Teach Rathkeltair
Sráid an Mhargaidh
Dún Pádraig
BT30 6AJ
Nó cuir scairt ar 028 4461 8000

I gcás limistéar comhairle Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon, déan teagmháil le:

Rannóg an Deiscirt ag
Teach Marlborough
Bealach Láir
Craigavon
BT64 1AO
Nó cuir scairt ar 028 3834 1144

Agus sa deireadh, i gcás limistéar comhairle Bhéal Feirste, an Chaisleáin Riabhaigh, Lios na gCearrbhach, Bhaile na Mainistreach agus Thuaisceart an Dúin, déan teagmháil le:

Rannóg an Oirthir ag
Hydebank
4 Bóthar an Ospidéil
Béal Feirste
BT8 8JL
Nó cuir scairt ar 028 9025 3000

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn fosta tríd an ríomhphost agus ba chóir duit do ríomhphost a chur chuig roads.transportation@drdni.gov.uk

Is féidir níos mó eolais ar an tSeirbhís Bóithre í féin a fháil ar www.roadsni.gov.uk